

1969) ar an Toghachán i nGaillimh Thiar.⁶ Ní dhéarfa mé faoi anseo ach gur tiosaigh muid gan pinn airgid, gan aon sagar ná aon eagras arbh fhiú grácht air, gan aon eolas againn ar chúrsaí toghacháin, sa Dáilcheantar is duibhe Paisleyóla Fianna Fáil sa tír, gur thug muid linn cuid den Ghaeltacht, gur chuir muid muid féin : geon ar bhaile mór na Gaillimhe, gur bhuail muid ceathrar iarrthóirí arbh iar-Mhéara ar Ghaillimh duine acu. Is feidir an 1500 a dhúbailt gan stróbh. Tá teagasc sa méid sin. Má tá lucht na Gaeilge i n-ann borra le gearáin seachas rudaí faoi Ghaeilge féin agus fiú cúpla mfe vóta a fháil i roinnt Dáilcheantar, beidh siad i n-ann cónardaíocht na geonán a chur droim ar ais. Tá muid ag súil go dtosó Tír Chonaill, Maí Eo agus Ciarraí ar an gceird chéanna.

Ní mholaim ná ní cháimim imeachtaí urdlithiúil, a sháródh an dtí. Ba dona an lá é nárbh fhiú le Éireannaigh braon folá a thabhairt ar son na Gaeilge. Ní thiofa an lá sin. Tá rudaí áirid ann is fiú go mór ná postaí, measúlacht, saoirse agus ná an bheatha féin. Caithfear féachaint chuige ar ais nó ar éigin nach ndéanfar aon ostarán eile sa nGaeltacht nach i seilbh na ndaoine a bhéas agus nach ndéanfar ann ach ostarán Ghaelach feasta. Go n-éireofar as díol na talún sa nGaeltacht, as cead díol ar léghaireáin ú, ná bhíom: talamh le díol feasta gur bé d'aircacht na Gaeltacht nó do Bhord ar leith a thairgfear é agus a chead aige sin é a dhíol le Gaeilgeoirí nó é a ligean ar díos leo. Ar a mhatairt is airgead diomallaithe ar fad, sláid ar mhuintir na hÉireann, a bheith ag caitheamh aon airgead poiblí ar an nGaeltacht. Gan cumhachta mar mholaim agus isá dhá bhfeidhmiú go gear agus go biomlán níl i ndán don Ghaeltacht í a fhuascailt. Ag iarra na faidhe seo a sheachaint adúirt Pateen bréan? Faulkner nach *preserver* a bhí ann féin ach *developer*. Tá cumhacht mar mholaim infheidhmithe sa mbaile mór agus fiú in áiteachaí faoin tuaithe. Caithfear cur faoi deara é seo a dhéanamh is cuma cé a chailfeas leagan leis. Is tábhachtaí oidhriocht an náisiúin ná scrúpaill mhorálta leithéidí Phateen bhreán agus lucht maoiné agus Thaca.⁶

Is maith an rud an bhagairt a dhéanamh in áit uaireantaí, agus í a fheidhmiú in áit eile. Is bealach eile í an easumhlíocht shíochánta, *passive resistance*. Ag cuimhniú a bhí má ar an bhfoirm sin di a n-iontófa an leiceann eile chuig an mbuille. B'fhearr é seo i gcás cúirte measaim ná a bheith ag cur ar do shon féin agus ag inscacht cé an fáth a ndearna tú an cionta. Gan rud ar bith a chur ar do shon féin ach iarra an pionós a ghearra ort agus gan coir ná cúlraim ar leith a iarra. Is dóigh liomsa gur mó a scrúdfadh iompar umhal ceansa den tsórt sin an chúirt agus an pobal cho maith le chéile ná raic i dtaobh ceart na Gaeilge a bhífuil deilm leibideach déanta dhe ar chaol gur tú é tuiscint an phobail faoi anois ná ariamb.

Cumasc de na modhannaí sin ar fad is gá. I dtéannta a chéile is fearr iad. Ea mhaith liom a chreidiúint dhá maireadh an Conaolach gurb sheo é an cineál foráil a thlofadh ar a chuid smacinte.

Is arm Cathartha Gaeilgeoirí ar son na Gaeilge agus ar son na hÉireann a theastaíos anois.

